

RABHADH

Ní mór duit an scrúdpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe; caillfear marcanna mura ndéantar sin.

Scríobh do Scrúduimhir anseo

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit****SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014****EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL****DÉARDAOIN, 19 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00***Don Fheitheoir amháin*

Stampa an Ionaid

*Treoracha Ginearálta***TÁ DHÁ ROIINN SA SCRÚDPHÁIPÉAR SEO**

Roinn a hAon: Freagair **sé** cheist ar bith as an roinn seo.
 Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.
 Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar seo.

Roinn a Dó: Freagair **trí** cheist ar bith as an roinn seo.
 Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.
 Scríobh do fhreagraí sa fhreagarleabhar.

Iomlán na Marcanna: 300 marc.

*Moltar gan níos mó ná 45 nóiméad a chaitheamh ar Roinn a hAon.
 Moltar 105 nóiméad a fhágáil do Roinn a Dó.*

Treoracha

Scríobh do scrúduimhir sa spás atá ann di ar leathanach 1.

Freagair sé cheist ar bith. Tá **20** marc ag gabháil le gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Bíodh do chuid freagraí gearr.

Ceist 1.

Taispeántar liosta de phóir choitianta ainmhithe thíos.

Cuir i g**Colún A** iad chun cur síos ar gach aon phór ar leith i g**Colún B** a mheatseáil.

Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

Liosta: Charolais Lanrásach Brocach Albanach Freaslannach Hereford Texel

A	B
Charolais	Pór mairteola ón mó�-roinn
	Pór caorach achréidhe
	Pór muice
	Pór dhá fheidhm
	Pór caorach sléibhe
	Pór mairteola Briotanach

(20 marc)

Ceist 2.

Úsáidtear an trealamh go léir thíos i dtáirgeadh gránaigh.

Sa tábla thíos:

- (a) Scríobh ainmneacha na bpíosaí trealaimh chun na litreacha faoi na grianghraif a mheaitseáil.
 (b) Cuir uimhreacha ar na píosaí trealaimh (1-5) san ord ina n-úsáidtear iad de ghnáth i dtáirgeadh gránaigh.
 (Úsáidtear ar dtús = 1; Úsáidtear ar deireadh = 5).



A



B



C



D



E

Litir	(a) Ainm an phíosa trealaimh	(b) An tord ina n-úsáidtear é
A		
B		
C		
D		
E		

(20 marc)

Ceist 3.

Tabhair breac-chuntas ar **gach ceann** de na galair choitianta seo a leanas a bhíonn ar ainmhithe.

(a) **Fiabhras buinne dearg:**

An cineál ainmhí a bhíonn ag fulaingt leis _____

Comhartha sóirt

(b) **Salachar béil:**

An cineál ainmhí a bhíonn ag fulaingt leis _____

Comhartha sóirt

(c) **Anaemacht:**

An cineál ainmhí a bhíonn ag fulaingt leis _____

Comhartha sóirt

(d) **Niúmóine víreasach:**

An cineál ainmhí a bhíonn ag fulaingt leis _____

Comhartha sóirt

(e) **Teiteanas féir:**


An cineál ainmhí a bhíonn ag fulaingt leis _____

Comhartha sóirt

(20 marc)

Ceist 4.

Taispeántar céim aosach agus céim larbhach lotnaid choiteann bairr thíos.



(a) Ainmnigh an fheithid **aosach** a thaispeántar. _____

(b) Luaign ainm coitianta an **larbha** a thaispeántar. _____

(c) (i) Ainmnigh an **dá** chéim eile i saolré na feithide seo.

1. _____

2. _____

(ii) Cén t-ainm a thugtar ar an gcineál saolré feithide, mar an ceann thusas, ina bhfuil ceithre chéim éagsúla?

(iii) Ainmnigh feithid eile a bhfuil saolré den chineál céanna aici.

(d) Ainmnigh barr a n-ionsaíonn an lotnaid a thaispeántar sa léaráid thusas é.

(20 marc)

Ceist 5.

Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart i ngach cás chun a chur in iúl cé acu fíor (**F**) nó bréagach (**B**) atá na ráitis seo a leanas, mar a léirítear sa sampla.

Sampla: Is gránbharr a fhástar in Éirinn í an rís.

F

B

- (a) Iompraíonn caora uan ar feadh 283 lá. F B
- (b) Is ball den fhine Compositae (Asteraceae) é an crobh préacháin. F B
- (c) Ainm eile ar bhullán is ea ‘steer’. F B
- (d) Nuair a bhíonn barr ina luí bíonn sé tite. F B
- (e) Sa stocáil shocraithe roinntear talamh ina achair bheaga le haghaidh na hinnilte. F B
- (f) Is galar infhógartha í eitinn (TB). F B
- (g) Úsáidtear traschrios líneach san éiceolaíocht. F B
- (h) Is cúis thromchúiseach truaillithe uisce é eisilteach sadhlais. F B
- (i) Úsáidtear fosfáit charraige mheilte mar leasachán i dtáirgeadh foraoiseachta. F B
- (j) Stórálann an práta bia i riosóim. F B

(20 marc)

Ceist 6.

San ghrianghraf, taispeántar blaosc caorach. Is luibhiteoir í caora.



- (a) Mínigh an téarma *luibhiteoir*.

- (b) Ainmnigh **trí** chineál fiacaile ar bith atá le feiceáil sa ghrianghraf.

1. _____ 2. _____ 3. _____

- (c) Comhlánaigh an tábla a leanas agus taispeáin foirmle dhéadach na caorach.

clárífiacla	starrfiacla	fiacla leathchúil	cúlfiacla

- (d) Déan cur síos ar bhealach **amháin** ina bhfuil leagan amach na bhfiacla i gcaora difriúil leis an muc.

(20 marc)

Ceist 7.

Tabhair cúis eolaíochta i **ngach** cás a ndéantar na cleachtais seo a leanas ar fheirmeacha na hÉireann.

- (a) Luibhicíd roghnaitheach a spraeáil ar bharra gráin.

- (b) Bileoga biatais a fhágáil le sleabhcadh sula mbeathaítear ainmhithe leo.

- (c) Péint a chur ar eireabaill bó.

- (d) AOL a leathadh go rialta ar an ithir.

- (e) Nach mbearrtar fálta feirmeacha go dtí tar éis an chéad lá de Mheán Fómhair.

(20 marc)

ROINN a DÓ (180 MARC)

Treoracha

Scríobh do chuid freagraí ar Roinn a Dó i do fhreagarleabhar.

Freagair **trí** cheist ar bith. Gabhann **60** marc le gach ceist.

Ceist 8.

- (a) Is ócáid an-tábhachtach ar an bhfeirm déiríochta breith na laonna.
Liostaigh **ceithre** chéim is féidir leis an bhfeirmeoir a thabhairt chun cuidiú lena chinntí go n-éiríonn go maith le breith na laonna.
- (b) Tálann an bhó gruth buí díreach tar éis di lao a bhrefth.
Tabhair **dhá** dhifríocht idir gruth buí agus bainne.
- (c) (i) Tá sláinteas maith riachtanach do shláinte an lao.
Déan cur síos ar **thrí** bhealach ina gcinníonn an feirmeoir sláinteas maith i dtóigáil laonna.
(ii) Ainmnigh **dhá** ghalar choitianta a bhíonn ar laonna.
- (d) Is ceann de na seomraí i ngoile an lao an chogansach.
(i) Céard í an phríomhfheidhm atá ag an gcogansach?
(ii) Cén chaoi ar féidir cuidiú leis an gcogansach forbairt sa lao óg?
(iii) Ainmnigh na **trí** sheomra eile sa ghoile.

(60 marc)


Ceist 9.

- (a) (i) Ainmnigh **dhá** speiceas féir a chuirtear go coitianta ar fheirmeacha na hÉireann.
(ii) Úsáidtear seamair i meascáin siol féir. Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an tseamair.
- (b) Úsáidtear innilt banraí go forleathan ar fheirmeacha déiríochta.
(i) Tarraig léaráid lipéadaithe chun córas innilte banraí a thaispeáint.
(ii) Tabhair **dhá** bhuntáiste le hinnilt banraí.
- (c) Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hinnilt mheasctha ag eallach agus caoirigh.
- (d) Tá níotráit chailciám amóiniám (CAN) ar an leasachán is mó a úsáidtear ar fheirmeacha na hÉireann.
(i) Céard é an príomhchothaitheach planda a fhaightear i níotráit chailciám amóiniám (CAN)?
(ii) Déan cur síos ar thurgnamh le tionchar CAN ar fhás féir a thaispeáint.

(60 marc)

Ceist 10.

- (a) Liostaigh na tréithe coirp le cur san áireamh nuair a bhíonn caoirigh phóraithe á roghnú i bhfiontar caorach achréidhe.
- (b) Mínigh na cleachtais seo a leanas a úsáidtear go coitianta i dtógáil caorach:
- (i) Beathú réamhreithíochta.
 - (ii) Spúinseáil.
- (c) Déan cur síos ar na hathruithe in réim bia uan ó bhreith go marú.
- (d) Sa ghrianghraif thíos, taispeántar puchán ae lánfhásta (*Fasciola hepatica*). Is paraísít choitianta chaorach é.



- (i) Ainmnigh céim larbhach **amháin** i saolré an phucháin ae.
- (ii) Ainmnigh óstach tánaisteach an phucháin ae.
- (iii) Déan cur síos ar chomhartha sóirt **amháin** d'fhoirgeacht caorach leis an bpuchán ae.
- (iv) Luaigh **dhá** mhodh chun an puchán ae a shrianadh.

(60 marc)

Ceist 11.

- (a) Léigh an t-alt seo a leanas faoi chruthú agus faoi fhorbairt ithreacha podsail agus meaitseáil na focail **ón liosta thíos** leis na spásanna uimhrithe.

Scríobh do chuid freagraí i do fhreagarleabhar agus ní ar an scrúdpháipéar seo.

Liosta: Cruachiseal iarainn Láisteadh Foraoiseacht Iarann Sainchiseal B AOL

Is ithreacha bochta iad podsail a bhfuil riachtanais arda 1 agus leasacháin acu.

Cruthaítear iad mar thoradh ar 2. Bogtar alúmanam agus 3 ón sainchiseal A go dtí an 4. Bíonn ciseal suntasach dearg i bpodsail a dtugtar an 5 air.

Úsáidtear podsail go forleathan i gcomhair 6.


- (b) Is comhbhar an-tábhachtach san ithir é húmas.
- (i) Déan cur síos ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le húmas san ithir.
 - (ii) Tabhair **dhá** bhealach le cur leis an méid húmais atá san ithir.
 - (iii) Déan cur síos ar thurgnamh chun céatadán (%) ábhar orgánach i sampla d'ithir a mheas.
- (c) Bíonn tionchar ag uigeacht na hitreach ar na barra a fhástar ar fheirm.
- (i) Mínigh *uigeacht na hitreach*.
 - (ii) Déan comparáid idir ithreacha gainmheacha agus ithreacha créula faoi na ceannteidil a leanas:
 1. Draenáil.
 2. Torthúlacht.
 3. Éascaíocht curaíochta.

(60 marc)

Ceist 12.

- (a) Is cineál amháin cilldeighilte í an mhiotóis.

 - (i) Liostaigh na **ceithre** céim sa mhiotóis san ord ceart.
 - (ii) Cé acu céim sa mhiotóis a thaispeántar sa léaráid thíos?
 - (iii) Minigh cad é atá ag tarlú sa chéim den mhiotóis a thaispeántar thíos.



- (iv) Ainmnigh an cineál eile cilldeighilte.

- (b) Úsáidtear A.I. go forleathan ar fheirmeacha na hÉireann.

(i) Céard dó a seasann na litreacha A.I. (sa Bhéarla)?

(ii) Luaigh buntáiste **amháin agus** míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le A.I san eallach.

Déan cinnte de go scrióbhfaidh tú do fhreagraí ar chuid (c) agus ar chuid (d) i do fhreagarleabhar agus ní ar an scrúdpháipéar seo.

- (c) I bplandaí pise, tá an ailléil don síol buí (B) ceannasach ar an ailléil don síol glas (b). Rinneadh planda pise a bhí homaisigeach maidir leis an dath buí (BB) a chrosáil le planda pise a bhí homaisigeach maidir leis an dath glas (bb).

Cóipeáil an t-ábhar seo a leanas i do fhreagarleabhar agus líon na spásanna (géinitíopaí idir na lúibíní, feinitíopaí ar na línte).

- | | | | |
|---------------------------------------|------|---|------|
| Géinitíopaí na dtuismitheoirí bunaidh | (BB) | × | (bb) |
| (i) Gaiméití féideartha | () | × | () |
| (ii) Géinitíopa F1 | () | | |
| (iii) Feinitíopa F1 | | | |

- (d) **I do fhreagarleabhar**, taispeán crosáil idir planda homaisigeach cúlaitheach agus planda F1 ón gcrosáil thusa.

Taispeáin iad seo a leanas i do chrosáil:

- (i) Géinitíopaí na dtuismitheoirí () × ()
(ii) Gaiméití féideartha () × () ()
(iii) Géinitíopaí an tsleachta () ()
(iv) Feinitíopaí an tsleachta _____ (60 marc)

Ceist 13.

Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b), (c), (d).

(30, 30)

- (a) Tá baint ag gníomhaíocht baictéar anaeróbach le déantús sadhlais.
- (i) Mínigh an téarma *anaeróbach*.
 - (ii) Ainmnigh **dhá** speiceas baictéar a bhféadfadh baint a bheith acu le déantús sadhlais.
 - (iii) Déan cur síos ar **dhá** bhealach le dálaí anaeróbacha a chinntí sa charn sadhlais.
 - (iv) Déan cur síos ar thurgnamh chun láithreacht baictéar i sampla sadhlais a thaispeáint.
- (b) Tá roinnt tosca ag teastáil ionas go bpéacfaidh síolta.
- (i) Mínigh an téarma *péacadh*.
 - (ii) Liostaigh **trí** thoisci a theastaíonn chun go dtarlóidh péacadh.
 - (iii) Tabhair **dhá** chúis go gcuirtear arbhar faoi phlaisteach go coitianta.
 - (iv) Déan cur síos ar thurgnamh chun céatadán (%) an phéactha i sampla síolta a iniúchadh.
- (c) Tá péisteanna talún (cuiteoga) an-tábhachtach san ithir.
- (i) Ainmnigh an fileam lena mbaineann péisteanna talún.
 - (ii) Liostaigh **trí** bhealach ina dtéann péisteanna talún chun sochair don ithir.
 - (iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach inar féidir leis an bhfeirmeoir líon na bpéisteanna talún san ithir a mhéadú.
 - (iv) Déan cur síos ar thurgnamh chun gníomhaíocht na bpéisteanna talún san ithir a thaispeáint.
- (d) Tugtar beatha thacúil d'ainmhithe feirme go coitianta.
- (i) Ainmnigh **dhá** chothaitheach bia a fhaightear i mbeatha thacúil.
 - (ii) Déan cur síos ar an bhfeidhm atá ag **gach** ceann de na cothaithigh atá luaite in (i).
 - (iii) Mínigh an téarma *ábhar tirim (DM)* maidir le bia ainmhí.
 - (iv) Déan cur síos ar thurgnamh chun cion an ábhair thirim i mbia ainmhí **ainmnithe** a thomhas.

Leathanach Bán